

# Cód Deá–Chleachtais Choláiste Árainn Mhóir

## Cód iompraíochta Foirne

### Geallaimid

- Go ndéileálfá le gach páiste agus le duine óg go cothrom
- Go n-éistfí le páistí agus le daoine óga agus go léireofaí meas orthu
- Go dtabharfaí spreagadh, tacaíocht agus moladh gan aird ar chumas
- Go gcothofaí atmaisféar dearfach agus spráúil.
- Go ndéanfaí léirmheastóireacht a chabhraíonn leis an scoláire dul chun cinn a dhéanamh.
- Go ndéanfaí teorainneacha maidir le h-iompar agus pionóis reasúnta oiriunach a phlé, de réir mar is cuí le daoine óga agus lena dtuismitheoirí/caomhnóirí agus /nó le muinteoirí ina dteannta.
- Go n-aontófaí “grupchonradh” roimh thús chúrsa nó ag tús imeachta. I gcás chúrsa labharfar leis na daoine óga faoina n-iompar féin agus miniú dóibh a bhfuiltear ag súil uathu le linn an chúrsa..
- Go gcruthófaí atmaisféar coimheasa (mutual respect) ag ár n-imeachtaí agus le linn ár gcúrsaí ar fad, atmaisféar ina mbeadh gach duine eolach ar na teorainneacha maidir le hiompar agus ar na pionóis oiriúnacha.
- Go bhfaighfí eolas ar ais ó dhaoine óga faoin cúram a thugtar dóibh.
- Go dtabharfaí ceannaireacht trí deá shampla.
- Go n-aithneofaí teorainneacha dhuine óig, de bharr mar shampla slainte.
- Go gcruthófaí atmaisféar muiníne.

### Le h-iompar mí chúí a sheachaint

- Seachnóidh aon bhall foirne am a chaitheamh ina aonar le duine óg.
- Ní cheadófar agus ní úsáidfear teanga nó gníomhartha gránna nó gairsiúil.
- Ní dhéanfar moladh nó leirmheastóireacht leatromach (hurtful), magadh, nó aird mí chúí a dhiriú ar dhuine óg.
- Ní cheadófar agus ní dhéanfar teangbhail mí chúí de chineal ar bith.
- Ní bhuaifear agus ní bhainfear úsáid as pionós corportha ar dhaoine óga.
- Ní dhéanfar caidreamh sóisialta míchuí le daoine óga, mar shampla, taobh amuigh de imeachtaí eagraithe. Seachnóimid teangmhail phearsanta le daoine óga ar shuíomhanna mean sóisialta mar facebook, Twitter, agus eile.

### Sláinte agus Sábháilteacht

- Le cloi le treoirínte Sláinte agus Sábháilteachta maidir lenár n-obair le páistí agus le daoine óga;
- Cinnteoidimid go gcruthófar timpeallacht shábháilte agus go mbeidh na tithe loistín do dhaoine óga in oiriúint de réir an R.E.O. agus Gaeltachta.
- Ní fhagfar páistí/daoine óga gan mhaoirseacht ná gan duine ina bhfeighil.
- Déanfaimid bainistiú ar aon ábhar no trealamh dainséarach.
- Béidh gnásanna timpiste again.
- Cinnteofar go gcloifidh daltaí le rialacha an choláiste, go hairithe maidir le hiompar ar bhóithre, bordáil agus tuirlingt ó bhusanna agus iad ag glacadh páirte I spóirt uisce agus snámh.